Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Márta 2024
(OR. en)

7725/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0234(COD)**

**ENV 296**
**COMPET 321**
**SAN 160**
**MI 299**
**IND 154**
**CONSOM 105**
**ENT 64**
**FOOD 42**
**AGRI 219**
**CODEC 797**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11624/23 + ADD 1 – COM(2023) 420 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl<br>- Díospóireacht bheartais |

1. An 5 Iúil 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh leasú spriocdhírithe ar Threoir 2008/98/CE (dá ngairtear: 'Treoir Réime maidir le Dramhaíl' anseo feasta), lena ndírítear ar dhá earnáil atá dian ó thaobh acmhainní de: teicstílí agus bia. Is dlúthchuid de spriocanna insoláthartha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip é an togra agus cuireann sé le tionscnaimh an Choimisiúin, mar shampla, an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus Straitéis an Aontais Eorpaigh um Theicstílí Inbhuanaithe agus Ciorclacha.

2. Chuir an Coimisiún an togra reachtach agus an measúnú tionchair a ghabhann leis faoi bhráid na Meithle um an gComhshaol an 12 Iúil 2023. Scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an togra go mion agus chuir sí bonn eolais faoi obair na hUachtaránachta ar na téacsanna comhréitigh le linn sé chruinniú eile. Bunaithe ar an plé sin agus ar na barúlacha i scríbhinn a thug na toscaireachtaí, tá sainordú caibidlíochta ón gComhairle á ullmhú ag an Uachtaránacht a bheidh le foilsiú roimh dheireadh an timthrialla reachtaigh. Chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an gcomhad, sainaithníodh dhá shaincheist a raibh treoir pholaitiúil ón gComhairle ag teastáil ina leith.

3. Chun an plé ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (Comhshaol) an 25 Márta 2024 a threorú, d’ullmhaigh an Uachtaránacht páipéar cúlra agus ceisteanna, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl**

**- Nóta ón Uachtaránacht agus ceisteanna do na hAirí –**

Leis an leasú ar an Treoir Réime maidir le Dramhaíl, a thíolaic an Coimisiún an 5 Iúil 2023, dírítear ar dhá earnáil atá dian ó thaobh acmhainní de: teicstílí agus bia, agus is é is aidhm dó feabhas a chur ar dhul chun cinn an Aontais faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi thionscnaimh an Choimisiúin, mar shampla, an Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach, an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus Straitéis an Aontais maidir le Teicstílí Inbhuanaithe agus Ciorclacha. Is é is aidhm don leasú an tionchar a bhíonn ag bainistiú teicstílí dramhaíola agus ag giniúint dramhaíola bia ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a laghdú agus féachtar le cáilíocht an chomhshaoil a mhéadú agus an tsláinte phoiblí a fheabhsú sna réimsí sin, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, agus rannchuidiú leis an tslándáil bia.

**An staid reatha sa Chomhairle**

Tá an togra á scrúdú sa Mheitheal um an gComhshaol. Tíolacadh é faoi Uachtaránacht na Spáinne sa Mheitheal um an gComhshaol an 12 Iúil 2023. Le linn chruinniú na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 23 Deireadh Fómhair 2023, bhí seisiún tuairimíochta ag na hairí faoin togra.

Dhírigh Uachtaránacht na Beilge sé chruinniú de chuid na Meithle um an gComhshaol ar phlé mionsonraithe ar an togra. Ar an iomlán, léirigh na Ballstáit freagairtí dearfacha i leith a gcuspóirí, maidir le cur amú bia agus teicstíle araon. I ndiaidh an phlé chríochnúil i gcruinnithe na Meithle um an gComhshaol, chuir an Uachtaránacht dréacht de théacs athbhreithnithe ar aghaidh lena gcuirtear leasuithe ar fáil maidir le gnéithe polaitiúla agus teicniúla araon, lena dtugtar aghaidh ar na príomh-shaincheisteanna, lena soiléirítear an togra trí shainmhínithe a chur leis agus lena n-áirithítear ailíniú le píosaí eile reachtaíochta (maidir le dramhaíl).

**Dramhaíl bhia**

Foráiltear leis an Treoir Réime maidir le Dramhaíl atá ann cheana go dtabharfaidh na Ballstáit isteach cláir chun cur amú bia a chosc agus liostaítear inti, i meas nithe eile, spreagadh an deonaithe bia mar bheart eile is féidir a áireamh. Is díol mór sásaimh do na toscaireachtaí na bearta nua chun cur amú bia a chosc chomh maith le moladh na hUachtaránachta, go soiléireofar gur liosta íosta beart is ea an liosta, a ghlacfaidh na Ballstáit ina gcláir chun cur amú bia a chosc. Is mian le roinnt toscaireachtaí bearta a chur leis an liosta sin, bídís san Airteagal nó in Iarscríbhinn IV mar shampla agus d'iarr toscaireachtaí eile solúbthacht bhreise a mhéid a bhaineann leis na bearta atá le glacadh chun cur amú bia a chosc.

Le raon feidhme na spriocanna laghdaithe dramhaíola bia atá beartaithe agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de, cumhdaítear próiseáil agus monarú, miondíol agus dáileadh eile bia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dtithe. Ar bhonn níos nithiúla, moltar na spriocanna seo a leanas a bhaint amach faoi 2030 ar an leibhéal náisiúnta:

– laghdú 10 % a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola bia sa phróiseáil agus sa mhonaraíocht i gcomparáid leis an méid a gineadh in 2020

– laghdú 30 % a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola bia per capita, go comhpháirteach i miondíol agus i ndáileadh eile bia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dtithe, i gcomparáid leis an méid a gineadh in 2020

Pléadh nach leagtar síos sprioc laghdúcháin don táirgeadh príomhúil sa togra. Féadfaidh an t-athbhreithniú atá beartaithe faoi dheireadh 2027 féachaint ar an tsaincheist sin agus na spriocanna a leathnú chuig codanna eile de shlabhra an tsoláthair bia.

Maidir leis na spriocleibhéil atá beartaithe, bhain an plé leis na spriocleibhéil a mhéadú nó a laghdú, b'fhéidir, de réir éilimh éagsúla na mBallstát. Ar cheann de na príomhphointe plé bhí an tsaincheist maidir le codán do-ite na dramhaíola bia a áireamh sna spriocanna beartaithe, rud nach féidir a laghdú go furasta. Ní féidir aon dul chun cinn a bheith ann faoin tsaincheist sin ag an bpointe seo toisc nár thángthas ar aon chomhaontú maidir leis an sainmhíniú ar dhramhaíl bhia inite, agus toisc easpa sonraí ábhartha do 2020 agus 2021. Ba cheart don leasú a mholtar faoi láthair feabhas a spreagadh maidir le modhanna tomhais chodán na dramhaíola bia inite agus ba cheart dó a shonrú gur cheart d'athbhreithniú 2027 féachaint ar sprioc a leagan síos le haghaidh chodán na dramhaíola bia inite.

Tá imní curtha in iúl ag na Ballstáit maidir leis an mbliain bhonnlíne i bhfianaise thionchar phaindéim COVID-19 in 2020. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an deis a bhí ann bliain tagartha níos luaithe a úsáid, má bhíonn na sonraí is gá ar fáil. Mhol na Ballstáit chomh maith gur cheart a bheith in ann bliain tagartha níos déanaí a úsáid.

Rinneadh iniúchadh i bplé teicniúil freisin ar fhachtóir ceartúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann lena gcuirfí san áireamh tionchar na turasóireachta ar leibhéil na dramhaíola bia.

**Teicstílí dramhaíola**

Tugtar isteach leis an leasú scéim freagrachta leathnaithe táirgeora (FLT) le haghaidh teicstílí, rud a chuireann oibleagáid ar tháirgeoirí teicstíle costais bhainistiú na dramhaíola teicstíle a chumhdach. Dá réir sin, dreasóidh na scéimeanna sin laghdú dramhaíola agus méadóidh siad ciorclaíocht táirgí teicstíle. D'iarr formhór na Ballstáit go gcuirfí micrifhiontair san áireamh sna scéimeanna FLT, agus é a aithint acu nach mór agus gur féidir ualach riaracháin díréireach ar na táirgeoirí sin a mhaolú.

Chun tearcmhaoiniú a sheachaint i gcás na scéimeanna FLT sna Ballstáit a fhaigheann rátaí arda teicstílí úsáidte ar a margaí náisiúnta, moladh gur cheart do na Ballstáit a bheith in ann oibreoirí athúsáide tráchtála sna scéimeanna FLT chun na costais chóireáil na dramhaíola teicstíle a chumhdach. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chóras maoinithe na scéimeanna FLT ag céim níos déanaí.

Tá sé ar cheann d’aidhmeanna an togra a dtacaíonn formhór na mBallstát léi deireadh a chur leis an gcleachtas mídhleathach teicstílí dramhaíola a iompar ag daoine agus iad ag cur i gcéill gur teicstílí úsáidte iad. Ar an gcúis sin, sonraítear sa togra go measfar, roimh chéim na sórtála gairmiúla, gur dramhaíl é gach teicstíl dramhaíola agus úsáidte agus gach táirge teicstílghaolmhar agus coisbhirt a leithligh, (‘teicstílí’)bhailítear ar, cé is moite de theicstílí a mheastar go gairmiúil a bheith oiriúnach lena n-athúsáid ag na hoibreoirí athúsáide nó fiontair shóisialta agus eintitis an gheilleagair shóisialta ag an bpointe bailithe ó úsáideoirí deiridh. Ba cheart, tríd an tsórtáil ghairmiúil, a bheith in ann idirdhealú soiléir a dhéanamh idir loingsithe teicstílí dramhaíola agus loingsithe teicstílí úsáidte a a bheartaítear iad a athúsáid. Beidh loingsithe teicstílí dramhaíola (a bheartaítear iad a athchúrsáil nó a ullmhú lena n-athúsáid, mar shampla, tuilleadh sórtála nó deisiú) fós faoi réir an Rialacháin maidir le Loingsithe Dramhaíola, agus beidh loingsiú gairmiúil teicstílí úsáidte, nach dramhaíl iad, agus a bheartaítear iad a athúsáid, faoi réir fhorálacha sonracha na Treorach Réime maidir le Dramhaíl.

Tá ról lárnach ag eintitis an gheilleagair shóisialta i gcórais bailithe teicstílí atá ann cheana sna Ballstáit. Aithnítear sa togra an ról lárnach atá ag na heintitis sin sna córais bailithe teicstílí atá ann cheana agus tá sé d’aidhm aige a ngníomhaíochtaí a chothabháil agus tacú leo i mbainistiú teicstílí úsáidte i gcomhthéacs na freagrachta leathnaithe táirgeora. Mhol an Uachtaránacht eintitis an gheilleagair shóisialta a shainiú go soiléir chun aon lúb ar lár a sheachaint, chun gníomhaíochtaí eintitis an gheilleagair shóisialta a chosaint, agus chun a n-oibleagáidí maidir le tuairisciú agus sórtáil a shoiléiriú.

Sa bhreis ar na hoibleagáidí atá ann cheana ar na Ballstáit bailiú ar leithligh teicstílí a chur ar bun faoin 1 Eanáir 2025, sonraítear sa togra go n-áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh an córas bailithe arna bhunú ag na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí méadú marthanach ar an ráta bailithe ar leithligh chun leibhéil bailithe ar leithligh atá indéanta go teicniúil a bhaint amach, agus dea-chleachtais á gcur san áireamh. Mar gheall ar an easpa sonraí iontaofa atá ann, ní leagtar síos sa togra aon spriocanna maidir le teicstílí dramhaíola a chosc, a athúsáid nó a athchúrsáil. D'fhéadfaí clásal athbhreithnithe faoi dheireadh 2028 a áireamh sa togra lena dtabharfaí ar an gCoimisiún féachaint ar spriocanna a leagan síos maidir le dramhaíl a chosc, a bhailiú, agus a ullmhú le haghaidh athúsáide agus athchúrsála i gcás na dteicstílí dramhaíola.

**Ceisteanna le cur ar na hairí**

– *Agus raon feidhme an fhaireacháin a rinneadh le déanaí ar chur amú bia mar aon leis na sonraí a bhí ar fáil ina thaobh sin á gcur san áireamh, an aontaíonn tú gur leordhóthanach na spriocanna ceangailteacha atá beartaithe agus gur féidir leis na Ballstáit iad a chur chun feidhme chun cuidiú le haidhm na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, is é sin cur amú bia ar an leibhéal miondíola agus ar leibhéal na dtomhaltóirí a laghdú 50 % per capita mar aon le caillteanais bia feadh slabhraí táirgthe agus soláthair faoi 2030?*

– *D'fhonn dul i ngleic leis an tionchar a bhíonn ag dramhaíl teicstíle ar an gcomhshaol, an measann tú gur beart éifeachtach é an fhreagracht leathnaithe táirgeoirí teicstíle atá beartaithe, bunaithe ar phrionsabail ord na réiteach dramhaíola, agus ról eintitis an gheilleagair shóisialta á urramú agus á neartú san am céanna?*